Iomaíocht do phost Iniúchóir Rialtais Áitiúil (Seirbhís Iniúchóireachta an Rialtais Áitiúil)

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil, agus Oidhreachta

Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag lorg iarratas ar phost mar Iniúchóir Rialtais Áitiúil.

Is é misean na Roinne tacú le seachadadh inbhuanaithe agus éifeachtúil tithe dea-phleanáilte agus rialtas áitiúil éifeachtach. Tá freagracht iomlán ar an Roinn as beartas i réimsí na tithíochta, an rialtais áitiúil, na pleanála, an uisce agus na hoidhreachta nádúrtha agus tógtha agus as soláthar faisnéise meitéareolaíochta ardchaighdeáin trí Met Éireann.

Is aonad laistigh den Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta í Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil. Is é a shainchúram seirbhís iniúchóireachta seachtraí a sholáthar d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí rialtais áitiúil eile.

Is post sinsearach é seo laistigh den LGAS a thuairiscíonn do na Príomh-Iniúchóirí Rialtais Áitiúil. Ceaptar Iniúchóirí Rialtais Áitiúil faoi Alt 116 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 chun iniúchadh a dhéanamh ar Ráitis Airgeadais Bhliantúla na n-údarás áitiúil agus comhlachtaí poiblí eile de réir an Chóid Chleachtais Iniúchóireachta do Sheirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil.

I measc na gcomhlachtaí atá le hiniúchadh tá Comhairlí Cathrach, Comhairlí Contae agus comhlachtaí eile. Ceanglaítear ar Iniúchóirí Rialtais Áitiúil oibriú as a stuaim féin. Is iad féin amháin a bheidh freagrach as pleanáil, rialú agus taifeadadh obair iniúchta. Tá gach comhad iniúchta/páipéir oibre faoi réir athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta, mar a ordóidh an Stiúrthóir Iniúchóireachta. Caithfidh sé/sí a bheith ina chumarsáidí oilte chun dul i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear an bhainistíocht shinsearach sna comhlachtaí atá á n-iniúchadh, an pobal, coistí iniúchóireachta agus baill foirne gairmiúla eile.

Eolas breise
Le haghaidh tuilleadh eolais agus sonraí faoin bpost féach le do thoil ar an leabhrán eolais a ghabhann leis seo.
http://www.housing.gov.ie/recruitment

Roinn Fhostaíochta/Údaráis
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta

Earcaíocht
Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta ag earcú don phost seo faoina Cheadúnas Earcaíochta arna eisiúint ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) agus de réir Chód Cleachtais an CPSA.

Roinn Fhostaíochta/Suíomh an Údaráis
www.housing.gov.ie

Suíomh
Baile Átha Cliath/Corcaigh

Iarratais
Is é an dáta deiridh le haghaidh iarratas ná 12 meán lae, Déardaoin 14ú Nollaig 2023
Tabhair faoi deara: Ní dhéanfar ach iarratais a chuirtear isteach ar an bhfoirm iarratais oifigiúil a mheas.
http://www.housing.gov.ie/recruitment

Dáta Fógraíochta
23ú Samhain 2023

Dáta Deiridh d'Iarratais
12 meán lae Déardaoin 14ú Nollaig 2023